**Caingean arna tabhairt an 24 Samhain 2022 – Pumpyanskaya v an Chomhairle**

**(Cás T-737/22)**

(2023/C 24/96)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Galina Evgenyevna Pumpyanskaya (Ekaterinburg, an Rúis) (ionadaithe: G. Lansky, P. Goeth, A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— de bhun Airteagail 263, 275(2) agus 277 CFAE, a dhearbhú nach bhfuil feidhm ag an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 2(1) de Chinneadh Uimh. 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh Uimh. 2022/329/CBES ón gComhairle, nó ag an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 269/2014 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle (na "critéir maidir le liostú atá faoi chonspóid");

— de bhun Airteagal 263 CFAE, Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([2]) (na "Gníomhartha atá faoi chonspóid"), a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir (Uimhir Iontrála Uimh. 724);

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc de bhun Airteagal 134 de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean faoi Airteagal 263 CFAE:

1. Saincheist dlí faoi Airteagal 277 CFAE lena n-éilítear go bhfuil na critéir maidir le liostú atá faoi chonspóid contrártha ar bhealach dosháraithe do phrionsabal na hintuarthachta, do na luachanna atá ann, agus don smacht reachta.

2. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta an iarratasóra chun cosanta.

3. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid measúnaithe de chuid na Comhairle agus ainm an iarratasóra á chur san áireamh in iarscríbhinní na ngníomhartha atá faoi chonspóid.

4. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 296 CFAE.

5. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, an ceart chun cónaithe agus cumarsáide chomh maith leis an gceart chun maoine.

([1]) IO 2022, L 239, lch. 149.
([2]) IO 2022, L 239, lch. 1.

**Caingean arna tabhairt an 25 Samhain 2022 – Rotenberg v an Chomhairle**

**(Cás T-738/22)**

(2023/C 24/97)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Igor Rotenberg (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)